2026/1345

16.6.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1345 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Meitheamh 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2379 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Shead

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Samhain 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2379 ([1]) lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Shead ('an beart cúnaimh').

(2) An 15 Eanáir 2026, fuair an tAontas iarraidh ó Shead chun raon feidhme geografach an bhirt cúnaimh a leasú tar éis athlonnú *École nationale des sous-officiers d'active* ó Koundoul go Kalait.

(3) D'éirigh leis an ngníomhaí cur chun feidhme ainmnithe, *Économat des Armées*, an próiseas measúnaithe colúin a chur i gcrích agus is féidir cur chun feidhme an bhirt cúnaimh i mbainistíocht indíreach a chur de chúram air.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/2379 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2379 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Chun an beart a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh na cineálacha trealaimh seo a leanas nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt, agus na soláthairtí agus na seirbhísí seo a leanas, lena n-áirítear oiliúint theicniúil, i gcás inar gá:

(a) oibreacha bonneagair agus athchóiriú ar *École nationale des sous-officiers d'active de Kalait* (ENSOA-KA);

(b) trealamh oideachais do ENSOA-KA;

(c) curaclaim ENSOA-K a athdhearadh;

(d) an clár "oiliúint a chur ar na hoiliúnóirí" ag ENSOA-KA.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2025/2379 ón gComhairle an 24 Samhain 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Shead (IO L, 2025/2379, 25.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2379/oj).

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is é *Economat des Armées* a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Chinneadh seo a chur chun feidhme.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS